**Athrú ar an Aire ar chóir Fógraí um Chomhiomarcaíocht a chur chuige/chuici**

Ón 1 Meán Fómhair 2017 amach, cuirfear Fógraí um Chomhiomarcaíocht chuig an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí, Áras Mhic Dhiarmada, Sráid an Stórais, Baile Átha Cliath 1.

Le hIonstraim Reachtúil Uimh. 361 de 2017 foráiltear d'aistriú roinnt feidhmeanna riaracháin agus reachtaíochta a bhaineann le Gnóthaí Saothair agus dlí fostaíochta ón Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta go dtí an tAire Coimirce Sóisialaí. Tiocfaidh an tOrdú seo i ngníomh ar an 1 Meán Fómhair 2017.

Áirítear ar na feidhmeanna reachtaíochta a aistreofar chuig an Aire Coimirce Sóisialaí na hAchtanna um Chaomhnú Fostaíochta 1977 go 2014. Dá réir sin, ní mór d'fhostóirí a thabhairt faoi deara, i gcás a mbeartóidh fostóir comhiomarcaíocht, gur chóir an fógra atá riachtanach faoi Alt 12 den Acht um Chaomhnú Fostaíochta, 1977 agus arna shonrú in Ionstraim Reachtúil Uimh. 140 de 1977 a sheoladh chuig an Aire Gnóthaí Fostaíochta agus Coimirce Sóisialaí le héifeacht ón 1 Meán Fómhair 2017.